

TIONSCNAMH

“Má ghlacaimid le fianaise dhaonna is treise arís fianaise Dé; agus is é seo fianaise Dé gur thug sé teastas gurbh é a Mhac é. An té a chreideann i Mac Dé tá an teastas sin aige ina chroí istigh; an té nach gcreideann in nDia, bréagnaínn sé é mar nach gcreideann sé an teastas a thug Dia ar a Mhac féin. Seo é brí na fianaise gur thug Dia an bheatha shíoraí dúinn agus is in a Mhac atá an bheatha sin. An té a bhfuil an Mac aige, tá an bheatha aige; an té nach bhfuil Mac Dé aige, níl an bheatha aige. Scríobh mé na nithe seo chugaibh go mbeadh a fhois agaibh go bhfuil an bheatha shíoraí agaibhse a chreideann in ainm Mhic Dé.”

Bhí iontas an domhain orm an chéad uair riamh a léigh mé na focail sin. Cuireadh i bhfeidhm go mór orm leis an méid a bhí scríofa ag Eoin i véarsa trí déag. Dúirt sé, “Scríobh mé na nithe seo chugaibh go mbeadh a fhios agaibh go bhfuil an bheatha shíoraí agaibhse a chreideann in ainm Mhic Dé.” Bhí Eoin ag rá, ‘go mbeadh a fhios agaibh!’ Thug sé sin fíor-dhúshlán dom mo chroí féin a scrúdú chun a fheiceáil dá raibh an mhuinín chéana seo agam mar gheall ar an saol síoraí a raibh á léamh agam sna scríoptúir.

AOIS NA HÓIGE

Ar feadh na nglúnta fada, ba Chaitlicigh Rómhánacha fíor-chráifeacha iad mo mhuintir agus, go deimhin, d’oscail duine de mo shinsir a teach le húsáid mar Shéipéal in ar léití an tAifreann go tráthrialta ann. Bhí mo thuistí féin an-ghafa lena nEaglais. Bean mhór chun urnaí ab ea mo mháthair agus Nóibhéiní agus an Choróin Mhuire á rá aici go rialta. Thugadh sí mórán ama do Dheabhóid na Maighdine Beannaithe agus do mhórán de na Naomh. Bhí m’athair bainteach le Bráithreach an Teaghlach Naofa, cuallacht fear a thagadh le chéile uair sa tseachtain le adhradh a thabhairt d’Íosa, do Mhuire agus d’Íosaef, a dtugtaí “An Teaghlach Naofa” orthu triúr.

Chuaigh ár dtuistí go mór i bhfeidhm orainn nuair a bhíomar inár leanaí agus is cuimhin liom mar a théadh gach duine againn ar ár nglúine tráthnóna is an Choróin Mhuire á rá againn. Lena chois sin, théinnse le m’athair go minic chuig a lán de chruinnithe Bhráithreach an Teaghlach Naofa in imeacht na mblianta.

Thosaigh mo chuid scolaíochta sa Chlochar áitiúil mar a bhíodh na Mná Rialta mar mhúinteoirí againn. Tar éis dom mo Chéad Chomaoineach a ghlacadh, chuaigh mé chuig scoil na mBráithre Críostaí. Ba Phrotastúnach é duine de na buachaillí i mo rangsa. Mar a tharla, ba é an t-aon Phrotastúnach sa scoil ar fad. Cé gur de chúlra difriúil agus de thraidisiún difriúil sinne, bhíomar inár gcairde maithe. Bhí rud amháin i gcoitinne againn: bhíomar araon ag SÚIL go rachaimis isteach sna Flaithis, tar éis dúinn bás a fháil.

AG SÚIL

Bhínnse ag SÚIL go rachainn isteach sna Flaithis toisc gur Chaitliceach Rómhánach mé. Bhínn ag SÚIL go raibh mé ar mo bhealach chun na bhFlaitheas toisc gur baisteadh mé is mé i mo naíonán agus toisc go dtéinn chun na Faoistine níos déanaí - Faoistin a bhfaighinn inti aspalóid ón sagart i mo pheacaí. Bhínn ag brath go mór ar

an gComaoineach a ghlacainn, is mé ag creidiúint go raibh Corp agus Fuil Chríost á ghlacadh agam gach uair dá shlogfainn siar an Naomhabhlann. Lena chois sin, chuaigh mé faoi lámh Easpaig nuair a bhí mé dhá bhliain déag agus bhí mé i mo Aifreannach maith ina dhiadh sin. Bhí na rudaí sin, dar liom, i m'fhábhar os comhair Dé. Mar sin, bhínn ag SÚIL go tréan go bhfaighinn isteach ar Neamh, ó bhí mé tar éis na Sacraimintí a ghlacadh.

Ar a thaobh féin, bhí mo chara ag SÚIL nach raibh aon chaill ar a anam ó tharla gur baisteadh é agus go raibh sé cláraithe mar bhall den Eaglais Phrotastúnach. Bhí seisean ag brath ar an eolas a bhí aige ar Theagasc Críostaí a Eaglaise féin, ar an bhfreastal a dhéanadh sé ar an Scoil Domhnaigh, ar a dhul faoi lámh Easpaig agus ar an bhfreastal rialta a dhéanadh sé ar na seirbhísí ina Theampall. Bhí SÚIL aige dáiríre go gcinnteodh na rudaí sin go léir áit sna Flaithis dó.

Anois, bhí mise ag SÚIL go mbeadh an Eaglais Chaitliceach Rómhánach ag obair ar mo shon agus go ndéanfaidís gach rud a bhí riachtanach le háit a fháil dom ar Pharthas Dé. Bhí mo chara ag SÚIL go ndéanfadh an Eaglais Phrotastúnach a raibh sé bainteach léi gach iarracht le háit sna Flaithis a chur in áirithe dó. Bhí an bheirt againn ag SÚIL go mbeadh ár nEaglaisí féin ag obair go dícheallach le slánú a chinntiú dúinn.

Tar éis dom an scoil a fhágáil, fuair mé post le hadhlacóir. Is iomaí duine croí-bhriste a chonaic mé ar na sochraidí, daoine a bhí ag SÚIL go raibh a gcara nó a nduine muinteartha, a bhí á adhlacadh, tar éis dul isteach sna Flaithis. Chonaic mé na gaolta croí-bhriste ag gol le hais na huaighe is iad ag SÚIL go raibh a ngaolta marbha tar éis dul le bheith ina gcónaí leis an Tiarna. Ar shochraidí na gCaitliceach Rómhánach, bhíodh an sagart ag iarraidh sólas a thabhairt don teaghlach. Ach ní raibh seisean – ach oireadh leosan – ach ag SÚIL go raibh an duine a bhí ag dul san úr imithe chun na bhFlaitheas. Ní raibh a fhios sin ag an sagart ná ag an dteaghlach, ná ag aon duine de lucht caointe na marbh.

Ag SÚIL le hÁit ar Neamh a Chinntiú

Ar eagla nár leor a ndearna an marbh nuair a bhí sé fós beo agus nár oibrigh sé dian go leor leis an slánú síoraí a thuilleamh, léadh an sagart Aifreann na Marbh le SÚIL go mba chabhair éigin é sin leis an duine a fháil isteach sa ghlóir shíoraí. Cheannaíodh an teaghlach agus na cairde Cáartaí Aifrinn agus ina dhiaidh sin d'íocaidís airgead leis na sagairt as Aifrinn a léamh ar son a gcarad ghrámhair. Bhídis ag SÚIL go gcuideodh na hAifrinn leis an duine marbh dil a sheoladh chuig na Flaithis. Léití na hAifrinn chéanna, go deimhin, go ceann na mblianta fada agus na daoine a d'íocadh astu ag SÚIL i ndáiríre go gcuideodh a n-iarrachtaí go léir le hanam a gcarad a shlánú.

Gach bliain, i mí na Samhna, chuireadh na sagairt liosta amach chuig gach teach ina bparóiste, chun go scríobhadh na daoine síos ainmeacha a ngaolta marbha ionúine. Chuirtear na liostaí ar ais chuig na sagairt agus ansin léití Aifrinn ar Lá Fhéile na Marbh ar son suaimhneas síoraí na ndaoine go léir ar na liostaí le SÚIL go gcabhródh na hAifrinn lena n-anamacha a shlánú.

Is cuimhin liom mo mháthair a fheiceáil is í ag breacadh ainmeacha ár marbh ar an liosta agus ag cur an liosta chuig an sagart ansin maraon leis an airgead chun íoc as

Aifrinn na Marbh. Bhí sise ag SÚIL go bhféadfadh sí cabhrú ar an dóigh sin le háit sna Flaithis a chinntiú dá haos grá.

Lena chois sin, d'féadfadh daoine dul chuig an Séipéal Lá Fhéile na Marbh agus na paidreacha ceaptha a rá, le SÚIL go ndéanfaidís cuid de na “hAnamacha Naofa” a scaoileadh ón bPurgadóir. Bhí gach duine ag SÚIL go n-éireodh leis na hiarrachtaí seo ach níorbh fhéidir leo a bheith cinnte.

Ar na sochraidí Protastúnacha, bhíodh an Ministéir ag iarraidh sólas a thabhart do na daoine croíbhriste. Bhí a gcroí istigh á réabadh toisc nárbh eol dóibh go cinnte an raibh an marbh ab ansa leo tar éis dul go dtí na Flaithis. Bhíodh na gaolta, na cairde agus na comharsana ag SÚIL go raibh. Bhíodh an Ministéir ag SÚIL freisin go raibh gach rud i gceart idir an marbh díl agus Dia. Bhí siad go léir ag SÚIL, ach ní raibh a fhios go cinnte ag aon duine acu.

Dúirt mé liom féin ansin, “Cad a tharlós dom nuair a bhéas sé in am agam féin le bás a fháil?” D'fhéadfainn mé féin a shamhlú ar leaba mo bháis: mé ag SÚIL, gan chinnteacht ar bith, go bhfaighinn isteach sna Flaithis agus ag SÚIL nach rachainn go hIfreann. Nach scanrúil an scéal é, is tú ag fáil bháis, éiginnteacht agus amhras uafásach a bheith ort faoin áit a bhfuil tú ag triall uirthi. Ó, nach liom ab fhearr ná saibhreas saolta ar bith, a fhios a bheith agam go cinnte dearfa, gan lá amhrais agam, go rachainn ar na Flaithis nuair a gheobhainn bás.

Na blianta ina dhiadh sin, bhí mé fós ag SÚIL. Faoin am seo, bhí me pósta agus clann agam. Dá gcuirfeadh duine de na páistí an cheist orm san am sin, “A Dhaid, an rachaidh tú sna Flaithis nuair a gheobhaidh tú bás?” bheadh orm a rá, “Tá SÚIL agam go rachaidh, ach níl a fhios agam go cinnte.” Ba mhian liom go mór a fhios a bheith agam!

CINNTEACHT A BHEITH AG DUINE

Ansin, i mí na Samhna 1975, casadh orm cara a dúirt liom go raibh a fhios aige go cinnte dearfa go rachadh sé go díreach isteach sna Flaithis nuair a gheobhadh sé bás. Bhí aithne agam ar an bhfear seo le blianta fada agus b'eol dom go mbíodh seisean ag SÚIL ar feadh i bhfad – mar a bhínnse féin – go bhfaigheadh sé isteach sna Flaithis lá éigin. Ach is é a bhí á rá aige liom anois nach raibh sé ag SÚIL A THUILLEADH, ach gurbh EOL dó dáiríre go rachadh sé isteach sna Flaithis. D'iarr mé air a shoiléiriú dom conas a d'fhéadfadh sé cinnteacht mar sin a bheith aige agus is é adúirt sé liom go bhfuair sé an chinnteacht sin ó bheith ag léamh na Scrioptúr agus ó ghlacadh lena dteagasc. Dúirt sé liom go raibh Dia tar éis A Phlean a nochtadh dúinn sna Scrioptúir – an plean sin Aige chun sinne a shlanú. Ansin mhol sé dom agus spreag sé mé leis na Scrioptúir a léamh dom féin.

Conas go mBeadh a Fhios Agaibh

Léigh mé i 1 Eoin 5:9-13 na briathra beannaithe iontacha seo i dtaobh Íosa, “Má ghlacaimid le fianaise dhaonna is treise arís fianaise Dé; agus is é seo fianaise Dé gur thug sé teastas gurbh é a Mhac é. An té a chreideann i Mac Dé tá an teastas sin aige ina chroí istigh; an té nach gcreideann i nDia, bréagnaínn sé é mar nach gcreideann sé an teastas a thug Dia ar a Mhac féin. Seo é brí na fianaise gur thug Dia an bheatha shíoraí dúinn agus is ina Mhac atá an bheatha sin. An té a bhfuil an Mac aige, tá an

bheatha aige; an té nach bhfuil Mac Dé aige, níl an bheatha aige. Scríobh mé na nithe seo chugaibh go mbeadh a fhios agaibh go bhfuil an bheatha shíoraí agaibhse a chreideann in ainm Mhic Dé.”

Bhí an dubh-iontas orm faoi na focail sin “go mbeadh a FHIOS agaibh.” Sin é an t-eolas a raibh gá agam leis! Is ea, bhí géarghá agam lena FHIOS a bheith agam. Is mór an difríocht idir a bheith ag SÚIL le rud agus A FHIOS a bheith agat go bhfuil an rud sin agat. Agus b’sheo agam i mBriathar Dé é; is féidir i ndáiríre A FHIOS a bheith agat go bhfuil an bheatha shíoraí agat.

Is i bPearsa atá an Bheatha Shíoraí

Ach cé hiad na daoine a raibh an tAspal ag scríobh na nithe seo chucu, arsa mise liom féin. Agus ba ansin a chonaic mé an freagra agus é scríofa go soiléir beacht i Scrioptúir Dé: “Scríobh mé na nithe seo chugaibh...a chreideann...” “Sibhse a chreideann CAD É?” a d’fíafraigh mé díom féin. Bhí freagra mo cheiste scríofa sna véarsaí a raibh mé tar éis iad a léamh. Bhí an tAspal ag scríobh chuig na daoine a chreid don mhéid a bhí ráite ag Dia faoina Mhac. Tá sé scríofa i véarsa a 11, “Seo é brí na fianaise, gur thug Dia an bheatha shíoraí dúinn agus is ina Mhac atá an bheatha sin.”

B’sheo agam é! Is i gCríost, i bPEARSA, atá an bheatha shíoraí. De réir na Scrioptúr, is i bPearsa an Tiarna Íosa Críost atá an bheatha shíoraí; Ann-san agus sa mhéid a rinne Seisean thar ceann na bpeacach. Don chéad uair i mo shaol, bhí na fíricí os mo chomhair go dosheachanta – an fhírinne gur i bPearsa atá an bheatha shíoraí agus ní i gcóras Creidimh nó Reiligiúin.

Ansin, in Eoin 14:6, léigh mé na focail seo: “D’fhreagair Íosa, ‘Is mise an tslí, agus an fhírinne agus an bheatha; ní thagann aon duine chun an Athar muna dtagann sé tríom.’” Bhí mé tar éis a chreidiúint leis na blianta fada gurbh é an Reiligiún an tslí chun na beatha síoraí, an bealach chun na bhFlaitheas. Ach ba léir dom anois nach ar an Reiligiún a bhí na Scrioptúir ag trácht ach ar chaidreamh leis an Tiarna Íosa Críost. Is amhlaidh a bhí mé ag léamh i mBriathar Dé faoin dtábhacht a bhaineann le creidiúint don Phearsa seo agus le muinín agus dóchas a chur Ann agus le bheith ag brath go hiomlán Air. In Eoin 3:16, léigh mé na focail: “Mar bhí grá Dé don domhan chomh mór sin, gur thug sé uaidh a AonMhac, ionas nach gcaillfí an té a chreideas ann ach go mbeadh an bheatha shíoraí aige.”

SLÁNÚ PHLEAN DÉ

Thug mé faoi deara sa véarsa seo na focail: “Bhí grá Dé don domhan chomh mór sin.” Ach an raibh mise san áireamh, d’fíafraigh me díom féin? An raibh grá ag Dia dom, mar dhuine, d’fíafraigh mé arís? B’eol dom gur peacach mé – tuigeann tú – agus bhí a fhios agam go gcaithfí díol as mo pheacaí. Go deimhin, léigh mé sa Tiomna Nua, i Rómh. 3:23, na focail seo: “Pheacaigh an uile dhuine agus tá siad in easpa glóire Dé.” Mhuise, bhí a fhios agam go raibh mise san áireamh sna focail sin! Bhí Briathar Dé glan soiléir. Dúradh go bhfuil peaca déanta ag gach duine againn. Ach nuair a léigh mé Rómh. 5:8, tháinig misneach mór ionam, ó tá sé ráite ansin: “Ach is mar sin a nocht Dia an grá a thug sé dúinn go bhfuair Críost bás ar ár son nuair a bhíomar fós inár bpeacaigh.” Nach iad na focail sin a chuir an ola ar mo chroí is mé á léamh!

Ansin léigh mé na focail seo i 1 Pead. 2:24, faoinár dTiarna Íosa Críost: “Ba é a d’íoc as ár bpeacaí lena chorp féin ar an gcrann.” Chuaigh na focail “ár bpeacaí” go mór i bhfeidhm orm! I Gal. 1:4, léigh mé na briathra seo ag tagairt don Slánaitheoir: “a thug é féin suas in éiric ár bpeacaí.” Bhí mé tar éis a léamh faoi ghrá Dé don DOMHAN, agus faoin dóigh a bhfuair Críost bás DÚINN. Bhí léiriú soiléir sa mhéid a bhí léite agam ar an dóigh inar thóg Críost Air féin ÁR bpeacaí-NE, agus ar an dóigh ar thug Sé É féin ar ÁR son. Ach maidir liom féin, ba í an cheist ba thábhachtaí “An raibh grá ag Dia DOMSA?” Ba bhreá, cinnte, a bheith ag léamh faoi ghrá Dé DON DOMHAN, ach ceárd FÚMSA mar dhuine?

Fuair mé freagra mo cheiste nuair a léigh mé na focail seo leanas i Gal. 2:20, “..Mac Dé, an Té a thug grá DOM, agus a thug A anam féin i ngeall ORMSA.” Sin é díreach an rud ba ghá dom a léamh, an t-eolas a bhí de dhíth go mór ormsa!” Bhí a fhios ag an Aspal Pól – an té a scríobh an Litir chun na nGalátach – nach é amháin go raibh grá ag Dia don domhan, ach go raibh grá Aige dó féin chomh maith. Bhí a fhios aige gur fhulaing Críost an Pháis dó, agus go bhfuair Sé bás dó ar Chrois Chnoc Calvaire. Bhí a fhios ag Naomh Pól go ndearnadh Críost a chrocadh ar an gChrois mar Fhear Ionaid thar a cheann chun an éiric a dhíol go huile agus go hiomlán as cionta is as peacaí an uile dhuine a bheadh aithríoch agus a chuirfeadh a mhuinín iomlán Ann. Arís, b’shin é an t-eolas a raibh géarghá agam féin leis! Thuig mé gur peacach mé agus go gcaithfí réiteach a fháil ar mo pheacaí. B’fhada liom go mbeadh a fhios agam an raibh grá chomh mór sin ag DIA DOMSA gur chuir Sé Uaidh a Mhac Beannaithe féin le bás a fháil do MO PHEACAÍ-SE – do na peacaí a rinne mé féin.

Is mé ag athléamh na véarsaí seo, d’éirigh an fhírinne an-soiléir dom. Bhí grá ag Dia dom, go CINNTE, agus go deimhin léirigh Sé méid A ghrá dom ag an gCrois. Léigh mé na focail seo arís eile: “Mac Dé, an Té a thug grá DOM, agus a thug A anam féin i ngeall ORMSA” (Gal. 2:20). Is ea, ba léir dom anois go raibh grá ag Dia domsa mar dhuine. Bhí grá chomh mór sin Aige gur chuir Sé Uaidh A Mhac Féin, An Tiarna Íosa Críost, le bás a fháil ar Chrois Chnoc Calvaire, chun an éiric a dhíol go huile agus go hiomlán as mo chionta agus as mo pheacaí-se. Ba É Íosa Críost – an Té a thug grá dom agus a thug A anam i ngeall ormsa – a dhíol go huile agus go hiomlán gach a raibh gá leis chun go maithfí mo pheaca; agus is mar ionaidí, nó mar fhear ionaid, thar mo cheann a rinne Sé amhlaidh.

Ach cén fáth go ndéanfadh Dia é seo domsa, atá i mo pheacach? d’friafraigh mé díom féin. Bhí an freagra glé soiléir sna Scioptúir. Rinne Sé é toisc go raibh grá Aige DOMSA!

Trócaire Dé

I Tít. 3:4-5 léigh mé na focail seo: “Ach nuair a nochtadh cineáltas Dé, agus A ghrá don chine daonna, shaor Sé sinn. Agus ní de bharr aon dea-oibreacha fíréantachta a bheith déanta againne ach as ucht a thrócaire féin.” Bhí iontas as cuimse orm nuair a léigh mé sna véarsaí seo faoi Phlean Dé chun ár Slánaithe. Níorbh é an reiligiún a rinne ár saoradh agus ár slánú ach Dia É Féin. Ach cén fáth gur shlánaigh Sé sinn, d’fhiafraigh mé?

Sna véarsaí a raibh mé i ndiaidh iad a léamh, bhí sé ráite go han-soiléir nach de bharr ár gcuid dea-oibreacha féin nó ár ngíomhartha fíréantachta nó iarrachtaí ar bith eile dár gcuid a rinne Dia sinn a shlánú. Go deimhin, de réir Bhriathar Dé, níl baint dá

laghad ag ár n-iarrachtaí féin lenár slánú. Ní chuireann Dia san áireamh iad, fiú amháin.

Tugadh léiriú an-soiléir dom sna Scríptúir ar an bhfírinne seo: nach de bharr a bhfuil déanta AGAINNE, ach de bharr a bhfuil déanta AG DIA thar ár gceann, a shlánaítear sinn. Is mar gheall ar A THRÓCAIRE a shlánaigh Sé sinn. Sna véarsaí seo tá sé luaite gur “nochtadh cineáltas Dé agus A ghrá.” Chuir mé an cheist orm féin anois: cén uair a “nochtadh” cineáltas agus grá DÉ? De réir na Scríptúir, nochtadh, nó taispeánadh grá Dé, trína léiriú ar Chnoc Calvaire is an Tiarna Íosa Críost ag fulaingt agus ag fáil bháis ar an gCrois. Ní raibh focal ar bith sa mhéid a bhí á léamh agam faoi aon bhaint idir an reiligiún nó dea-oibreacha le Slánú Dé.

Go deimhin, ba chuma, de réir Bhriathar Dé, cad iad na dea-oibreacha fóna nó iarrachtaí eile a dhéanfainn d’fonn mé féin a shlánú. Ba chuma sa tsioc cén Eaglais a mbeinn i mo bhall di. Ní raibh ar chumas cinn ar bith de na nithe sin – nó ar a gcumas sin go léir – anam a shlánu choíche. Bhí an teagasc sa Bhíobla soiléir: go mbronntaí agus go mbronntar an Slánú i ngeall ar thrócaire Dé.

Ba mhór an dúshlán é seo domsa mar dhuine a bhí ag SÚIL leis na blianta fada go bhféadfaí mé a shlánú ach mé a bheith cráifeach, is mé ag brath ar an Eaglais agus ag déanamh mo sheacht ndíchill. Bhí mé ag SÚIL, ach ní raibh A FHIOS agam riamh – agus bhí mé ag ceapadh nach bhféadfadh A FHIOS a bheith agam nó go bhfaighinn bás – ar leor a raibh déanta ag an Eaglais, nó agam féin, le Slánú síoraí a chinntiú dom.

Anois, don chéad uair i mo shaol, bhí orm aghaidh a thabhairt ar an méid a bhí ráite ag Dia ina Bhriathar Naofa. Ba léir narbh fhéidir leis an Eaglais – ba chuma cén Eaglais a mbeinn i mo bhall di – mé a shlánú go deo. Ba rí-léir freisin gur chuma cad iad na hiarrachtaí nó na dea-oibreacha a dhéanfainn, narbh fhéidir leo sin ach oiread an slánú a thuilleamh dom.

Grásta Dé

Sna Scríptúir Bheannaithe, áfach, léigh mé an DEA-SCÉALA, gur LEOR a ndearna an Tiarna Íosa Críost – sin LEORGHNÍOMH anois! – trína bhás ar an gCrois le mé a shlánú. Sa Tiomna Nua, i Tít. 2:11, léigh mé: “Óir tá grásta Dé foilsithe anois, ag cur slánú ar fáil don uile dhuine...” B’sheo agam an difríocht mhór idir bhealach an tsaoil mhóir chun ár slánaithe agus bhealach Dé. Ba é bealach an tsaoil é seo a leanas: bí i do bhall d’Eaglais áirithe; déan do dhícheall; oibrigh do phasáiste chun na bhFlaitheas. Ach cad é an toradh ar an mbealach seo sa deireadh thair? Ró-mhaith a bhí an toradh ar eolas ag mo chara Protastúnach ar scoil agus agam féin. D’fhágfaí thú AG SÚIL ó lá go lá go bhfaighfeá isteach ar na Flaithis agus AG SÚIL nach go hIfreann a rachfá. Ní raibh de thoradh ar do mhuintín a chur i mbealach an tsaoil seo chun do shlánaithe ach go mbeimis ag SÚIL ó lá go lá ach nach mbeadh tada againn ar uair ár mbáis le greim a bhreith air. Ní bheadh cinnteacht ná siúrálteacht ar bith againn. Ní fhéadfadh ár nEaglaisí ar leith, ár Sagairt nó ár Ministrí faoi sheach, cinnteacht ná barántas ar bith a thabhairt dúinn óir ní raibh siad féin, ach oiread linne, ach ag SÚIL go bhfaighimisne agus go bhfaighidís féin isteach sna Flaithis lá éigin.

Ach bhí Plean Dé le haghaidh ár Slánaithe chomh héagsúil leis seo. Tá sé raite, “Óir tá grásta Dé foilsithe anois, ag cur slánú ar fáil don uile dhuine” (Tít. 2:11). Tá caint anseo ar Ghrásta Dé, is é sin, lé nó báidh ag Dia le peacaigh, lé nach raibh tuillte againn. Is rí-léir ó na focail “Grásta Dé ag cur slánú ar fáil” gur ó Ghrásta a thagann slánú. Is é atá ann, Dia ag síneadh lámh cúnata don pheacach a bhí gan chúnaimh, is É ag nochtadh dó go bhfuil an oiread sin grá Aige dó gur chuir Sé A Mhac, An Tiarna Íosa Críost, chun na Croise. Ansin rinneadh ionadaí, nó fear ionad, den Tiarna Íosa agus é ag fáil bháis IN IONAD an pheacaigh. Dhíol Sé éiric na bpeacaí ar chóir don pheacach féin í a íoc. D’fhulaing Críost Ifreann ar an gCrois chun nach mbeadh ar an bpeacach dul go hIfreann.

Chuir an tAspal Pól an scéal go léir i mbeagán focal nuair a scríobh sé: “fíréanaítear iad trína ghrásta mar bhronntanas, tríd an fhuascailt atá in Íosa Críost” (Rómh. 3:24). Chuaigh an méid a léigh mé anseo go mór i bhfeidhm orm. Tá sé raite “fíréanaítear iad...MAR BHRONNTANAS.” Fíréanaítear sinn MAR BHRONNTANAS! Focal mór é an “BRONNTANAS” sin. Is é ba bhrí leis gur MAR BHRONNTANAS saor in aisce a thug Dia an Slánú do dhaoine peacúla. Níor ghá do pheacach saothrú lena thuilleamh. BRONNTANAS ó Dhia don pheacach an Slánú. D’féadhfhadh Dia an bronntanas seo a thabhairt don pheacach toisc gur íocadh éiric nó fiacha a pheachaí cheana – ar an gCrois ar Chnoc Calvaire. Chiailaigh sé seo gur BRONNTANAS SAOR IN AISCE DOMSA ó Dhia a bhí san fhuascailt shíoraí.

NÍLIM AG SÚIL FEASTA

Shín mé amach mo lámh chuig Dia trí chreideamh, ag rá, “A Thiarna, is eol dom gur peacach mé agus go bhfuil sé tuillte agam go rachainn go hIfreann. Tá a fhios agam nach féidir leis an Eaglais tada a dhéanamh chun mo Shlánaithe. Aithním freisin nach féidir liomsa aon cheo a dhéanamh le háit ar Neamh a thuilleamh nó a cheannach dom féin. Is fada mise ag SÚIL – ar feadh mo shaoil – gur leor í obair na hEaglaise dom maraon le mo chuid dea-oibreacha féin. Ach is eol dom anois gur i bPlean an tSaoil seo chun Slánaithe agus nach i bPlean Dé chun mo Slánaithe a bhí mo mhúinín. Tugaim buíochas ó chroí Duit as a thaispeáint dom go soiléir ó na Scrioptúir gur bronntanas é an Slánú – bronntanas a thugann Tusa don pheacach saor in aisce. Tá mé fíor-bhuíoch Díot nach é amháin go raibh grá Agat don domhan ach go raibh grá chomh mór sin Agat DOMSA gur chuir Tú Uait do Mhac, Íosa, le bás a fháil thar mo cheann. Buíochas Leat, A Thiarna!”

Ón lá sin i leith, nílím ag brath a thuilleadh ar an reiligiún nó ar dhea-oibreacha le mo shlánú. Tá cairdeas agus caidreamh pearsanta agam leis an dTiarna Íosa Críost agus is Airsean atá mé ag brath le mo shlánú. Is É Féin “Mac Dé, an Té a thug grá DOM, agus a thug A anam féin i ngeall ORMSA.” Bhí aithreachas orm i mo pheacaí agus tá maithiúnas faighte agam iontu.

Sa lá inniu is mé ag léamh na bhfocal sin i 1 Eoin 5:13, is eol dom cad is ciall leo: “Scríobh mé na nithe seo chugaibh go mBEADH A FHIOS agaibh go bhfuil an bheatha shíoraí agaibhse a chreideann in ainm Mhic Dé.” Is in Íosa Críost atá mo mhúinín le bheith ina Shlánaitheoir agam. Is Air, agus Airsean amháin, atá mé ag brath le haghaidh mo shlánaithe – Airsean agus ar an obair a rinne Seisean thar mo cheann is É ag fulaingt na Páise agus ag fáil an bháis ar an gCrois ar Chnoc Calvaire. Mar gheall air sin, tá gealltanas Dé agam go bhfuil an bheatha shíoraí agam.

NÍLIM AG SÚIL FEASTA, ach TÁ A FHIOS AGAM anois go rachaidh mé sna Flaithis lá éigin. Is cuma an Caitliceach Rómhánach nó Protastúnach thú; ní air sin atá an chinnteacht seo bunaithe. Is amlaidh atá sí bunaithe ar an bhfíric go raibh “grá Dé don domhan chomh mór sin gur thug Sé Uaidh A AonMhac, ionas nach gcaillfí an té a chreideas Ann ach go mbeadh an bheatha shíoraí aige” (Eoin 3:16).

CUIREADH

Tá cuireadh á thabhairt ag an Tiarna duitse, a chara dhílis, teacht Chuige ANOIS: “Gabhaigí i leith ansin, agus pléimis an scéal a deir an Tiarna. Má bheadh bhur bpeacaí ar nós craoraig, déanfar níos gile iad ná sneachta; má bheadh siad chomh dearg leis an gcorcra, amhail olann a dhéanfar iad” (Íseáia 1:18).

Bí sásta a aithint agus a admháil gur peacach thú agus iompaigh Chuige ANOIS is aithreachas ó chroí ort i do pheacaí, agus cuir do mhuinín agus do dhóchas Ann le do chionta a mhaitheamh duit agus le do shlánú-sa. Is ansin a fhéadfaidh tú a rá: “NÍLIM AG SÚIL GO HÉIDEIMHIN A THUILLEADH. Is DEIMHIN LIOM go rachaidh mé isteach sna Flaithis, ó tá mé ag brath go hiomlán ar ‘Mac Dé, an Té a thug grá DOMSA agus a thug A anam féin i ngeall ORMSA.’ ”

Cóipcheart © Risteárd Mac Eocaidh 1998

Aistriú: Seathrún Mac Éin

Is ón mBíobla Naofa atá na tagarthaí scríoptúr.